Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/963

21.5.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 55/2026**

**an 6 Feabhra 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/963]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3214 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir leis an bhfaireachán ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa amach ón gcósta agus le rátáil nialasach breoslaí inbhuanaithe ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 21aw (Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32024 R 3214**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3214 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2024 (IO L, 2024/3214, 27.12.2024).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3214 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Feabhra 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L, 2024/3214, 27.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3214/oj.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.